



RANNÓG PLEANÁLA, COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL, HALLA AN CHONTAE,
PRÍOMHSHRÁID, SORD, CO. BHAILE ÁTHA CLIATH K67 X8Y2

NA hACHTANNA PLEANÁLA AGUS FORBARTHA 2000, arna leasú, (Alt 254)

NA RIALACHÁIN PLEANÁLA AGUS FORBARTHA, 2001, arna leasú – Alt 201, 202, 203 &
Sceideal 12

IARRATAS AR CHEADÚNAS FAOI ALT 254 (1)(ee)

(Bonneagar cumarsáide leictreonaí os cionn talún agus aon bhonneagar fisiciúil
gaolmhar)

Déanaim iarratas leis seo ar cheadúnas chun feara(i)s/gaireas/déanmha(i)s a chur suas/a
thógáil/a chur isteach/a choinneáil ar/faoi/os cionn/feadh bóthar poiblí i gcomhréir leis na
mionsonraí mar atá siad faoi: - {scríos na focail thuas de réir mar is ábhartha}

1. Ainm an Iarratasóra: _____

2. Seoladh: _____

Uimhir Fóin: _____

Sonraí maidir le feara(i)s/gaireas/déanmha(i)s a bhfuil ceadúnas ag teastáil ina leith:-

3. Áit bheartaithe maidir le feara(i)s/gaireas/déanmha(i)s a bhfuil ceadúnas ag teastáil ina leith:-

*Cuirtear in iúl don iarratasóir go bhfuil léarscáil de shuíomh an láithreáin ar scála nach lú
ná 1:2500 ag teastáil freisin chun áit an togra a aithint.*

4. Tréimhse a mbeidh an ceadúnas ag teastáil ina leith:

Ó: _____ Go dtí: _____

5(a) Méid na táille atá faoi iamh: _____

(b) Bunús le háireamh na Táille: _____

Síniú: _____

Dáta: _____

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

LÉIGH NA NÓTAÍ THÍOS SULA LÍONANN TÚ AN FHOIRM

Ní mór ceadúnas a fháil le haon cheann de na nithe seo a leanas a chur suas, a thógáil, a chur isteach nó a choinneáil ar, faoi, os cionn nó feadh bóthar poiblí

- Meaisín díola
- Léarscáil bail nó tírdhreacha le treoracha nó áiteanna a chur in iúl
- Balla clár, fál nó scafall
- Déanmhas fógraíochta
- Cábla, sreang nó píblíne
- Bonneagar cumarsáide leictreonaí os cionn talún agus aon bhonneagar fisiciúil gaolmhar
- Both nó seastán teileafóin
- Aon fhearas, gaireas nó déanmhas eile a fhorordófar mar ní ar gá ceadúnas a fháil ina leith faoin alt seo den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

Ní mór do dhuine a dhéanann iarratas ar cheadúnas aon phlean agus eolas a bhaineann le suíomh, dearadh agus acmhainn an fhearais, an ghairis nó an déanmhais a chur ar fáil in éineacht leis an bhfoirm iarratais. Ba cheart go n-áireodh le pleananna agus eolas den chineál sin:

- Foirm iarratais chomhlánaithe ar cheadúnas
- Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin - scála 1/2500 - (4 chóip).
- (Leagan Amach an Láithreáin a léiríonn áit bheartaithe an fhearais/an ghairis/an déanmhais - (4 chóip).
- Líniú de réir scála don fhearas/gaireas/déanmhas beartaithe - (4 chóip).
- An Táille Cheadúnais chuí
- Cóip den Deimhniú Árachais a shlánaíonn Comhairle Contae Fhine Gall i gcoinne éileamh a eascróidh as aon timpiste a bhaineann le duine nó réadmhaoin agus airnéis.

Ba cheart iarratais chomhlánaithe ar cheadúnas a sheoladh chuig:

Rannóg Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh,

Halla an Chontae,

Príomhshráid,

Sord,

Co. Bhaile Átha Cliath

K67 X8Y2

Féadfaidh an t-údarás pleanála ceadúnas a dheonú ar feadh tréimhse sonraithe agus faoi réir coinníollacha.

Is féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an údaráis pleanála chuig an mBord Pleanála.

Más é tuairim an údaráis pleanála mar gheall ar aon cheann de na nithe seo a leanas:

- Méadú nó athrú ar thrácht ar an mbóthar
- Leathnú an bhóthair
- Aon fheabhas ar an mbóthar
- Gur bacainn an fearas, an gaireas nó an déanmhas nó go bhfuil sé éirithe contúirteach, féadfaidh an t-údarás, trí fhógra i scríbhinn, an ceadúnas a tharraingt siar agus a cheangal ar an gceadúnaí an fearas, an gaireas nó an déanmhas a dhíchur ar a chostas nó ar a costas féin.

Alt 202 – Táillí Ceadúnas faoi Alt 254 den Acht

(1) I gcás ina gceadaíonn údarás pleanála ceadúnas faoi alt 254 den Acht chun fearas, gaireas nó déanmhas dá ndéantar tagairt i gCuid 1 de Sceideal 12—

(a) a chur suas, a thógáil, a chur isteach agus a choinneáil, nó

(b) a choinneáil, is é méid na táille a íocfar leis an údarás pleanála, faoi réir na gcoinníollacha d'alt 203, ná

- (i) sa chás go mbaineann an ceadúnas le tréimhse bliana, an méid cuí a thugtar le fios i gcolún 2 de Sceideal 253 os coinne na tagartha i gcolún 1 den Sceideal sin a bhaineann leis an bhfearas, gaireas nó déanmhas sonraithe,
- (ii) sa chás go mbaineann an ceadúnas le tréimhse os cionn bliana, méid atá comhionann leis an táille le haghaidh bliain amháin nó cuid de bhliain a bhfuil an ceadúnas deonaithe ina leith, agus
- (iii) sa chás go mbaineann an ceadúnas le tréimhse níos lú ná bliain, méid atá comhionann le haon deichiú den táille le haghaidh bliain amháin do gach mí nó cuid de mhí a bhfuil an ceadúnas deonaithe ina leith. (2)

Sa chás go ndeonaíonn údarás pleanála ceadúnas faoi alt 254 den Acht chun fearas, gaireas nó déanmhas sonraithe dá ndéantar tagairt i gcuid 2 de Sceideal 12 a chur suas, a thógáil, a chur isteach nó a choinneáil, is ionann an táille a íocfar leis an údarás pleanála agus an méid a chuirtear in iúl i gcolún 2 den Sceideal sin os coinne na tagartha i gcolún 1 den Sceideal sin don fhearas, gaireas nó déanmhas sonraithe, agus ní bheidh aon táille le híoc i dtaca le haon ceadúnas le haghaidh fearais, gairis nó déanmhais den chineál sin a athnuachan.

Colún 1 Fearas, Gaireas nó Déanmhas	Colún 2 Táille Cheadúnais
<p>Cuid 1 Fearais, gairis agus déanmhais:</p> <p>(a) Meaisín díola nó meaisín oibrithe ag boinn (nach meaisín meáite é). €125.</p> <p>(b) Léarscáil bail nó tírdhreacha le treoracha nó áiteanna a chur in iúl. €25.</p> <p>(c) Balla clár, fál nó scafall (nach balla clár, fál nó scafall atá taobh le bóthar poiblí é). €1,250.</p> <p>(d) Déanmhas fógraíochta (seachas déanmhas fógraíochta sonraithe in alt (dd)). €630.</p> <p>(dd) Déanmhas fógraíochta (den chineál méire eolais nach mó ná 1 méadar ar fad) ar a bhfuil comhartha treo. €50.</p> <p>(e) Cábla, sreang nó píblíne (nach cábla le haghaidh leictreachas a sheoladh i gcomhair cuspóirí tí nó talmhaíochta ná draein ná píobán uisce é). €25 in aghaidh 100 méadar ar fad nó cuid de. €630.</p> <p>(f) Both nó seastán teileafóin.</p> <p>(g) Cás, raca, seilf nó fearas, gaireas nó déanmhas chun earraí a chur ar taispeánt, cibé acu ar chun críocha fógraíochta nó díola in áitreabh gnó in aice lámhe nó a bhaineann le háitreabh gnó in aice lámhe nó nach chun na gcríoch sin é. €125. €125 in aghaidh tábla.</p> <p>(g) Táblaí agus cathaoireacha taobh amuigh d'óstán, bialann, teach ósta nó gnólacht eile a dhíolann bia lena ithe san áit. €630.</p> <p>(i) Fógraíocht ina bhfuil aon téacs, siombail, suaitheantas, samhail, gléas nó lógó. €25.</p> <p>(j) Píopa nó fearas ag a bhfuil forbhall píopa le haghaidh aer nó uisce a chur ar fáil, nach píopa nó fearas é atá ceangailte le pumpa peitрил nó ola. €63</p> <p>(k) Meaisín meáite. €25</p> <p>(l) Saoráid fág anseo.</p>	
<p>Cuid 2</p> <p>(a) (Caibinéad a úsáidtear mar chuid de chóras leaschraolta sreinge ag duine a bhfuil ceadúnas aige/aici faoi na Rialacháin Raidió-Theileagrafaíochta (Ceadúnas Leaschraolacháin Shreangaithe), 1974. €125.</p> <p>(b) Cuaille solais. €25.</p>	

(c) Droichead, áirse, tollán, pasáiste nó déanmhas eile den chineál céanna a úsáidtear nó atá beartaithe lena úsáid ag an bpobal agus a tógadh ar 1 Deireadh Fómhair 1964 nó ina dhiaidh sin.	€125.
(d) Siléar nó déanmhas eile faoi thalamh a tógadh ar 1 Deireadh Fómhair 1964 nó ina dhiaidh sin.	€125.
(e) Cábla le haghaidh leictreachas a sheoladh chun críocha tí nó talmhaíochta.	€125.